

Paidir do Mhúinteoirí

Cuir ar mo chumas múineadh le
heagna,

mar cabhraím i múnlú na haigne.
Ullmhaigh mé chun múineadh le
fírinne

Mar cabhraímse i múnlú coinsiasa.
Spreag mé chun múineadh le
fís

Mar cabhraímse i múnlú na todhchaí.
Cuir ar mo chumas múineadh le
grá

Mar cabhraímse i múnlú an domhain.
*Dealróidh na saoithe mar loinnir na spéire,
agus iad siúd a theagasc an fhíréantacht do mhórán
mar reanna neimhe ar feadh na síoraíochta.
(Leabhar Dhainéil 12:3)*